NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

# TREOIRLEABHAR D'ÉASCAITHEOIRÍ

# Clár

Intreoir 4
Cén fáth an t-athrú? 5
Ag obair le do chomhghleacaithe 6
Tús a chur leis 7
Roinnt smaointe chun na póstaeir agus na cártaí coincheapúla a úsáid 10
Cad iad na teachtaireachtaí móra? 11
Roinnt bobghaistí – agus conas iad a sheachaint 12
Uirlisí suirbhé 13
Léitheoireacht chúlra 15
Meastóireacht Éascaitheora ar Ábhair Cheardlainne 16

# Intreoir

Tá sé i gceist go mbeidh an treoir seo ina cabhair agat chun cur chuige sa scoil uile a phleanáil i leith measúnú éifeachtach leanúnach a fhorbairt a thacóidh le cuid foghlama do scoláirí.

Tá fianaise láidir ann anois nuair a dhéantar measúnú ar dhóigh dhifriúil, go bhfeiceann múinteoirí agus scoláirí níos soiléire cad é atá scoláirí a fhoghlaim, conas atá siad a fhoghlaim agus cén chaoi ar féidir leo feabhsú.

Ó tharla go mbíonn gach scoil ag obair laistigh de chomhthéacs difriúil agus go mbíonn túsphointe éagsúil acu, níl sé beartaithe go mbeidh na hacmhainní seo á n-úsáid ar dhóigh shaintreorach ná go réiteoidh leagan amach amháin gach cás. Mholfaimis go n-úsáidfeá na hacmhainní seo ar dhóigh atá solúbtha. Smaoineamh maith is ea é obair a dhéanamh i gcomhar le grúpa beag comhghleacaithe chun na ceardlanna a phleanáil agus a éascú. Ta cleachtas breá rathúil i scoileanna cheana, agus múinteoirí ag úsáid cuir chuige éagsúla chun measúnú leanúnach a éascú ina gcuid seomraí ranga. Tá súil againn go gcabhróidh agus go dtacóidh na hábhair seo le machnamh leanúnach agus le comhroinnt na foghlama maidir le cleachtais mheasúnaithe a chuireann le foghlaim scoláirí.



*"Chun go gcuirfeadh córais mheasúnaithe feabhas ar an bhfoghlaim agus ní go díreach í a thomhas, is gá go mbeadh scoláirí i gcroílár chreat an mheasúnaithe. Le bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, is gá go mbeadh siad in inmhe a ndul chun cinn féin a mheas, a dtuiscint a choigeartú agus dul i gceannas ar a gcuid foghlama féin. Ní féidir ach feabhas a theacht ar thorthaí foghlama de bharr an mheasúnaithe má dhéanann scoláirí iad féin gníomh agus má úsáideann siad eolas measúnaithe chun bearnaí a dhúnadh ina gcuid foghlama féin."*

*Synergies for Better Learning*, OECD, 2013 l. 220

# Cén fáth an t-athrú?

Ina leabhar, The Seven Habits of Highly Effective People, maíonn Stephen Covey go gcruthaítear nós nuair a bhíonn a fhios ag duine cad é le déanamh, conas a dhéanamh agus cúis mhaith lena dhéanamh – i bhfocail eile bíonn a fhios aige cén fáth. Nuair a thuigtear cén fáth cabhraíonn sé chun inspreagadh agus cinnteacht a chruthú.

Dírítear a lán den ábhar sna hUirlisí Úsáide seo ar an gcaoi. Tá an cur chuige praiticiúil seo tábhachtach do mhúinteoirí gnóthacha a bhíonn ar bís chun smaointe nua a fháil. Is é an baol atá ann, áfach, gur féidir breathnú ar na smaointe mar chnuasach de leideanna agus de chleasa a thriaileann múinteoirí ar feadh tamaill ach a chaitheann siad uathu go réidh mura mbíonn a n-athrú cleachtais bunaithe ar athrú tuisceana.


I mbeagán focal – is í an phríomhchúis a bhfuil athrú ag teastáil go bhfuil a fhios againn gur féidir leis an measúnú cabhrú le scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí níos fearr.

Tá sé tábhachtach go mbíonn deis agat féin agus ag do chomhghleacaithe plé a dhéanamh ar an gcúis a bhfuil athrú ag teastáil. Breathnaímis roinnt de na cúiseanna a d'fhéadfaí a chur san áireamh nuair a bhítear ag fiafraí cén bunús atá le rudaí a dhéanamh ar dhóigh dhifriúil.

- **Fianaise ón gcleachtas** – Tá a fhios againn go n-oibríonn sé do roinnt múinteoirí. Nuair a chloistear conas a d'úsáid múinteoirí eile na smaointe seo ina seomra ranga agus conas a chuidigh siad le feabhas a chur ar inspreagadh agus ar fhoghlaim a gcuid scoláirí spreagtar daoine eile chun triail a bhaint as smaointe nua. Coinnigh cuimhne go mbeidh roinnt daoine ar d'fhoireann féin a mbeidh cuir chuige measúnú chun foghlama in úsáid acu ina gcuid teagaisc cheana féin is féidir iad a mhealladh chun a dtaithí a chomhroinnt lena gcomhghleacaithe.
- **Cúiseanna atá bunaithe ar luachanna** – Mar shampla, 'Táimid á dhéanamh seo de bhrí go gcreidimid in oideachas iomlánaíoch, i gceartas agus i gcuimsiú. Mar sin de ní mór dúinn ár gcuid modhanna measúnaithe a leathnú le ligean do gach scoláire a bheith á mheas ar bhealaí a léiríonn na luachanna sin.'
- **Cúiseanna teoiriciúla** – Mar shampla, tugann torthaí taighde fianaise dúinn go bhfuil athruithe ag teastáil. Feictear dá lán múinteoirí go dtugann an taighde a rinne Paul Black agus Dylan Wiliam, atá le fáil i sraith leabhrán lena n-áirítear Inside the Black Box agus Working Inside the Black Box, go dtugann sé achoimre mhaith ar na príomhbhearta is féidir le múinteoirí a dhéanamh chun a gcleachtais mheasúnaithe sa seomra ranga a fheabhsú, agus ar na tairbhí a roinneann leis na cleachtais sin. Tá cuid oibre John Hattie an-tábhachtach freisin, mar go gcuireann sí anailís ar fáil ar bhonn suntasach taighde agus mar go léiríonn sí an tionchar ollmhór a bhíonn ag aiseolas ardcháilíochta ar chaighdeáin a ardú. Leagtar amach in Synergies for Better Learning, a d'fhoilsigh an ECFE le déanaí, na príomhthosca, bunaithe ar anailís ar 28 tír, chun cleachtas measúnaithe a fheabhsú.
- **Cúiseanna pragmatacha** – Mar shampla, 'Is cuid de pholasaí an oideachais é agus tá na Cigirí á éileamh' nó 'Tá a lán scoláirí atá scoite amach agus ní mór dúinn bealaí níos fearr a aimsiú chun iad a dhéanamh rannpháirteach san fhoghlaim agus i measúnú a gcuid foghlama'.

## Key References









# Foghlaim ghairmiúil le do chomhghleacaithe a éascú

**Léiríonn an taighde oideachasúil** gurb éifeachtaí í an FGL

- nuair a bhíonn múinteoirí ag foghlaim óna chéile trí dhialóg agus chomhroinnt
- nuair a bhíonn cur chuige coláisteach ann i leith dhearadh agus stiúradh na foghlama
- nuair a dhearbhaítear do mhúinteoirí go bhfuil siad ag déanamh go maith ina gcuid cleachtas cheana
- nuair a bhíonn deiseanna ann le haghaidh machnaimh agus níos mó foghlama le himeacht ama.

## Déanann an t-éascaitheoir

- pleanáil agus taighde ar an topaic (i gcomhar le daoine eile)
- atmaisféar cóimheasa a chothú idir daoine atá ar comhchéim
- gach duine rannpháirteach san obair
- comhaontú ar na spriocanna foghlama agus seiceálann sé go mbaintear iad amach
- ceistiú chun tógáil ar an méid a deirtear agus tarraingíonn sé amach tuairimí agus eispéiris dhifriúla
- obair an ghrúpa a eagrú agus monatóireacht ar an dul chun cinn de réir mar a théann sé ar aghaidh
- a bhreithiúnas féin a cheilt

## Cuimhnigh i dtaca leis an éascaitheoir

- nach saineolaí é a bhfuil fios gach feasa aige ar an topaic
- nach mbítear ag súil leis freagraí sciobtha nó éasca a chur ar fáil
- nach duine é a thugann Láithreoireacht ná a léann script ullmhaithe ná bileoga eolais.

## Ceisteanna a úsáid

In amanna, go neamhurchóideach, cuirtear as do dhaoine mar gheall ar an gcaoi a gcuirtear ceist. Tá sé tábhachtach smaoineamh conas a chuirfidh tú ceisteanna chun freagraí a mhealladh. Seo roinnt ceisteanna úsáideacha a thiocfadh a chur:

- Inis dúinn tuilleadh faoi sin?
- Conas a d'oibreodh sé sin i…?
- Cad é na buntáistí a bheadh leis an gcur chuige sin?
- Conas a thiocfadh linn teacht thart ar an deacracht sin?
- Cad é a d'oibrigh go maith duitse roimhe?
- Conas a dhéanfá é ar dhóigh dhifriúil amach anseo?
- Cad é an mhaith é a dhéanamh ar dhóigh dhifriúil?
- Conas a thiocfadh linn é sin a dhéanamh fiú amháin níos fearr?

## Scileanna Éisteachta

Is éisteoir maith é an dea-éascaitheoir. Seo sé bealaí chun do scileanna éisteachta a fheabhsú

1. Léirigh spéis dháiríre. Nuair a thaispeánann tú go dtuigeann tú cad é atá duine a rá, dearbhaíonn tú gur éist tú go haireach agus go bhfuil a fhios agat cad é a dúradh. Mar shampla sméid do cheann le tabhairt le fios go dtuigeann tú nó abair 'Sea, tuigim.'
2. Léirigh ionbhá. Mar shampla abair, 'Tá a fhios agam gur deacair teacht ar an am ….' nó 'Tuigim go mbíonn eagla oraibh conas a fhreagróidh scoláirí don athrú.'
3. Sonraigh an fhadhb nó an pointe arís. Abair, 'Seo an rud a chloisim tú a rá. An bhfuil an ceart agam? Nó 'Mar sin de is é atá tú a rá nach léir duit cén fáth a bhfuilimid ag déanamh na n-athruithe seo.'
4. Bíodh a fhios agat an t-am le fanacht ciúin. Ma bhíonn duine corraithe nó má chaithfidh siad rud éigin a chur díobh, is fearr in amanna fanacht i do thost agus ligean dóibh an racht a chur dá gcroí, ach a bheith ciallmhar faoi. Ansin nuair ata a gcuid ráite acu is féidir leat a rá go díreach 'Go raibh maith agat. Is léir go bhfuil tuairimí láidre agat faoi seo' nó 'Go raibh maith agat. Anois, ar mhaith le duine ar bith eile tuairim ar bith eile a lua?'
5. Léirigh meas. Fiú má easaontaíonn tú le tuairim duine, tabhair aird iomlán ar a bhfuil á rá acu. Ná gabh choíche i mbun argóna nó aighnis.
6. Coinnigh d'aird ar an ngnó. Nuair a bhreathnaíonn tú sa tsúil agus a léann tú comharthaíocht choirp, taispeánfaidh tú gur suim leat cúrsaí agus beidh tú in inmhe tuiscint níos iomláine a bhaint as a bhfuil á rá ag daoine.

(Creidiúint: Arna chóiriú ó acmhainní traenála an CSS)

# Tús a chur leis

Tá treoir sna leathanaigh seo ar an gcaoi a bhféadfá ullmhú do na ceardlanna agus eagar a chur orthu i gcuideachta baill foirne agus moltar iontu roinnt gníomhaíochtaí réamhcheardlainne agus iarcheardlainne a thiocfadh a bheith cuidiúil. B'fhéidir gur cabhair é na moltaí atá tugtha thíos a leanúint, nó is féidir leat do phleananna ceardlainne féin a fhorbairt.

## Sula dtosóidh tú:

### 1. Faigh amach

Cén t-eolas nó sonraí atá agat cheana i dtaca le cleachtais mheasúnaithe sa scoil? An bhfuil aon sonraí a bailíodh tríd an CSS a d'fhéadfadh a bheith ábhartha? Cad é is féidir le scoláirí a insint duit faoina dtaithí siúd ar mheasúnú? Conas is féidir leis sin bonn eolais a chur faoi do phleanáil? Má tá tú éiginnte faoina bhfuil ag tarlú faoi láthair ansin d'fhéadfá roinnt de na huirlisí suirbhé atá sa treoir seo a úsáid (féach leathanaigh 12 agus 13) nó do chuid uirlisí comhairliúcháin féin a chruthú.

An bhfuil ball foirne ar bith a bhíonn ag úsáid cheana roinnt de na cuir chuige a luaitear sna hacmhainní seo? Conas is féidir leat cabhrú leo a dtaithí a chomhroinnt mar chuid den cheardlann?

### 2. Athbhreithniú

Athbhreithnigh an t-ábhar atá sna hUirlisí Úsáide agus roghnaigh cad é an túsphointe is oiriúnaí chun tosú ag obair le d'fhoireann.

### 3. Coimeád i gcuimhne do chuid aidhmeanna

Coinnigh cuimhne gurb é an aidhm ghinearálta cabhrú le do chomhghleacaithe machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha measúnaithe agus na bealaí a phlé ina bhféadfadh siad a gcuid cleachtas féin a fhorbairt tuilleadh. Seans go mbeidh aidhmeanna eile agat atá sainiúil do do scoil. Mar shampla, 'beartas measúnachta scoile a fhorbairt dár scoil' nó 'comhthuiscint a bheith againn ar mheasúnú agus teanga chomónta a úsáid' nó 'féachaint conas is féidir linn aiseolas níos fearr a thabhairt'.

## Seisiún foirne tosaigh

Sula dtabharfaidh tú faoi obair a dhéanamh trí na topaicí sna hUirlisí Úsáide seo is tábhachtach go mbeadh tuiscint ag an bhfoireann ar an réasúnaíocht atá taobh thiar den athrú sa chleachtas measúnaithe agus go mbeadh deis acu a gcuid taithí reatha féin ar mheasúnú a chomhroinnt. D'fhéadfaí roinnt sonraí suirbhé a bailíodh ó mhúinteoirí agus ó scoláirí a athbhreithniú ag an gcruinniú seo agus seans go gcabhródh sé sin chun a aithint cé na réimsí inar gá athrú a dhéanamh. Is féidir leis an gcruinniú tosaigh mar sin a bheith ina bhonn chun seisiúin ina dhiaidh sin a phleanáil.



*"Is é an tátal a bhaintear as teoiricí ar fhoghlaim aosach gur próiseas gníomhach é seachas próiseas éighníomhach an fhoghlaim éifeachtach agus nach féidir le foghlaim ghairmiúil tarlú más faighteoirí éighníomhacha iad na múinteoirí seachas rannpháirtithe gníomhacha. Lárnach in Cosán, dá réir sin, tá fís de mhúinteoirí mar ghairmithe a ghabhann seilbh ar a gcuid forbairt ghairmiúil féin agus a stiúrann cúrsa a dturas foghlama féin."*

Cosán, Dréacht-Chreat Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bealtaine 201




## Úsáid a bhaint as na hacmhainní

Dearadh na ceardlanna thart ar cheithre thopaic:

1. Intinní foghlama agus critéir rátha
2. Ceistiúchán éifeachtach
3. Aiseolas
4. Scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama

Tá na tacaí seo ag dul le gach topaic:

- **Láithreoireacht** ina ndéantar cur síos achomair ar an topaic agus ar an bpríomhthéarmaíocht. Tá sraith nótaí ag dul le gach tacar sleamhnán.
- **Gearrfhíseán** chun an plé a spreagadh.
- **Leabhrán** ina bhfuil rogha de smaointe ceardlainne, seicliostaí féinmheasúnaithe, pléchártaí agus pleanálaí chun tosaigh.

Tá sé ceaptha go leor ábhair a bheith le gach topaic chun trí huaire de rannpháirtíocht foirne a spreagadh i gceardlann idirghníomhach. Is féidir na hábhair a bhriseadh síos áfach agus a úsáid i seisiúin níos giorra ná sin. Úsáideadh agus athraíodh gach scoil an t-ábhar mar is fearr a oireann dá gcomhthéacs féin.

Moltar an t-ábhar a úsáid, nuair is féidir, ar bhonn na scoile uile mar go léiríonn fianaise taighde gur mó an seans go nglacfar le hathruithe i gcleachtas measúnaithe má thugtar isteach iad ar bhonn córasach ar fud na scoile uile.

B'fhéidir gur cabhair agat é na céimeanna atá leagtha amach thíos a leanúint nó is féidir leat do phlean ceardlainne féin a fhorbairt. Cé go bhfuil an t-inneachar tábhachtach, na seisiúin forbairt foirne is fearr a n-éiríonn leo, is iad sin na cinn ina bhfuil an idirghníomhaíocht is fearr ina measc siúd a bhíonn páirteach.

## Céim 1

Bain úsáid as an láithreoireacht chun intreoir ghearr a thabhairt ar phríomhsmaointe na topaice. Is féidir nótaí an éascaitheora a théann leis seo a úsáid nó a chur in oiriúint. Is é 6-7 nóiméad an t-am a mholtar.

## Céim 2

Taispeáin an gearrfhíseán atá ann chun tús a chur le roinnt caibidle ar an topaic.

Arís, coimeád súil ar an am agus ná lig don phlé dul ar aghaidh rófhada.

## Céim 3

Tar éis intreoir a thabhairt, tá sibh réidh anois chun iniúchadh a dhéanamh ar na hábhair cheardlainne atá sa leabhrán. Ní gá a shíleadh go gcaithfear na gníomhaíochtaí go léir a úsáid. Roghnaigh na cinn a fhreagraíonn do bhur gcuid aidhmeanna agus riachtanas agus cuimhnigh gur fearr a lán ama a thabhairt don phlé agus d'fheidhmiú na smaointe ná a bheith ag deifriú trí gach rud. Tá na bileoga oibre agus na pléchártaí an-úsáideach chun plé agus foghlaim a spreagadh.

## Céim 4

Athbhreithnigh an méid atá foghlamtha agus cad iad na teachtaireachtaí móra agus na gníomhphointí chun bogadh chun tosaigh.

Cuir na póstaeir ar taispeáint chun roinnt de na príomhtheachtaireachtaí a chur i gcuimhne dóibh.

Spreag an fhoireann le breathnú ar roinnt de na hábhair atá luaite i rannóg na léitheoireachta molta den leabhrán.

## Seisiún Iarcheardlainne

Pléigh leis an bhfoireann ardbhainistíochta conas is féidir baill foirne a spreagadh chun dul i mbun plé leanúnach agus pleanáil chomhoibríoch thart ar na smaointe seo. D'fhéadfaí machnamh ar chomhphobail foghlama ghairmiúla a bhunú, cruinnithe meántóireachta, babhtaí teagaisc nó breathnóireacht ar phiaraí.

Is é a deir na síceolaithe linn chun nós a athrú, nó a dhéanamh, go leantar patrún 3 chéim – Meabhrú, Gnáthamh, Cúiteamh. Smaoinigh ar na céimeanna sin i gcomhthéacs cleachtais mheasúnaithe a athrú i do scoil. Conas is féidir leat meabhrúcháin a chur san áireamh? Conas is féidir leat gnáthamh a dhéanamh de na hathruithe? Agus cad iad na duaiseanna a thiocfadh a bheith ann?

## Na 3 Chéim chun Teacht Isteach ar Nós






*"B'fhéidir go mbeidh orainn glacadh leis nach féidir linn bunathrú a chur i gcrích ach go díreach ligean dó tarlú. Ní féidir linn é a ghiniúint, é a stiúradh, nó é a rialú."*

Johannes Krause, 2014

# Roinnt smaointe chun na póstaeir agus na cártaí coincheapúla a úsáid

## Póstaeir

Ceapadh na póstaeir chun daoine a chur a mhachnamh agus amanna cabhraíonn siad chun an clár a shocrú don seisiún. Is féidir iad a chur ar taispeáint thart ar an seomra agus thiocfadh a iarraidh ar na rannpháirtithe 'paráid póstaer' a dhéanamh ina nduine is ina nduine nó i bpéirí. Is féidir tascanna difriúla a shocrú ag úsáid na bpóstaer, mar shampla:

a. *Pioc póstaer:* iarr ar rannpháirtithe, ina n-aonar nó i mbeirteanna, póstaeir a roghnú a ba mhaith leo a phlé. Agus iad ag piocadh póstaeir, thiocfadh dó

- go n-aontaíonn siad leis agus go síleann siad go bhfuil pointe tábhachtach á dhéanamh aige
- gur ábhar imní acu é, go n-easaontaíonn siad leis nó go síleann siad gur seafóid atá ann
- go mbeidh mearbhall orthu leis nó go mbeidh siad fiosrach faoi agus ag iarraidh níos mó a fháil amach.

b. *3-2-1:* iarr ar rannpháirtithe rogha póstaer a phlé agus tuairisciú ar ais ag lua:

- trí rudaí a bhí a fhios acu cheana
- dhá rud a chuir ionadh orthu
- rud amháin ar mian leo níos mó eolais a fháil ina thaobh.

## Cártaí coincheapúla

Is féidir na cártaí coincheapúla a úsáid ar bhealaí difriúla.

Iarr ar gach duine dul i ngrúpaí beaga agus ansin dáil tacar cártaí ar gach grúpa beag.

a. *Déanaim sin cheana:* Is gníomhaíocht an-mhaith é a iarraidh ar rannpháirtithe cárta a phiocadh a chuireann síos ar rud éigin a dhéanann siad cheana agus ansin a insint don ghrúpa go hachomair conas a úsáideann siad an coincheap, cad é a d'fhoghlaim siad uaidh agus cé acu a mholfadh siad é do dhaoine eile nó nach molfadh.

b. *Amaidí, Sea, B'fhéidir:* i dtús báire ba chóir do na rannpháirtithe na smaointe a shíleann siad a bheith amaideach a chur as an áireamh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh de bhrí nach léir dóibh cad é atá siad a chur in iúl, go síleann siad iad a bheith mí-oiriúnach don ábhar s'acu, nó cionn is go gceapann siad nach bhféadfadh siad an smaoineamh a úsáid leis an rang nó leis an mbliainghrúpa a bhfuil siad ag obair leo. Ansin iarr orthu a rá cé na coincheapa a úsáideann siad cheana ar bhonn rialta. Ar deireadh, iarr ar na rannpháirtithe na coincheapa 'b'fhéidir' a aimsiú. Is iad seo na cinn is spéisiúla mar is iad sin na cinn a mheabhródh siad a thabhairt isteach lena gcleachtas féin a fhorbairt: seans gur smaointe iad nár chuimhnigh siad orthu cheana, smaointe atá ar aon dul lena ndéanann siad cheana, ach beagán difriúil, nó rudaí a rinne siad roimhe seo ach ar éirigh siad astu.

Is féidir leo tuairisciú ar ais ar na smaointe is mó a raibh dúil ag daoine iontu agus cé na coincheapa is mó a chothaigh plé eatarthu.


# Cad iad na teachtaireachtaí móra?


Faightear na teachtaireachtaí móra a bhaineann le measúnú ar na póstaeir a théann leis na ceardlanna seo. D'fhéadfá iad a phriontáil amach agus iad a choimeád os do chomhair agus tú ag pleanáil agus ag éascú na gceardlanna.





















# Roinnt bobghaistí – agus conas iad a sheachaint

### 1. Measúnú a scaradh ón teagasc agus ón bhfoghlaim

Tá dlúthcheangail idir teagasc, foghlaim agus measúnú. Cuireann an chaoi a ndéantar measúnú agus an t-ábhar ar a ndéantar é teachtaireacht chuig scoláirí faoin gcineál foghlama a bhfuil tábhacht léi. Mar sin de, is gá an measúnú a bheith ailínithe leis an gcineál foghlama is mian linn a spreagadh. Is mó an seans go mbeidh an chaoi a dteagascaimid agus an chaoi a ndéanaimid measúnú ailínithe má phleanálaimid don mheasúnú mar chuid den phleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Smaoinigh ar bhealaí chun pleanáil don mheasúnú a thabhairt isteach i bpleanáil ábhair agus cheachta i do scoil.

### 2. Obair ar an measúnú a scaradh ón bpróiseas féinmheastóireacht scoile (FMS)

Éilíonn féinmheastóireacht scoile ar scoileanna na croícheisteanna seo a leanas a chur i dtaca leis an obair s'acu (measúnú san áireamh):

- Cé chomh maith is atá ag éirí linn?
- Conas is eol dúinn é sin? Cén fhianaise atá againn?
- Conas a gheobhaimid tuilleadh eolais?
- Cad iad na láidreachtaí atá againn?
- Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn? Conas is féidir linn feabhsú? [1]

Cuirfidh na haguisíní sa treoirleabhar seo, chomh maith leis na seicliostaí agus na huirlisí eile machnaimh sna ceithre leabhrán, leis an obair atá idir lámha ag do scoil cheana le próiseas féinmheastóireachta na sé chéim.[2]

### 3. Comhlíonadh seachas gairmiúlacht

Tarlaíonn a leithéid má deirtear go díreach le múinteoirí an rud atá le déanamh acu agus mura mbíonn dóthain ama ann le haghaidh machnaimh nó plé. Amanna glacann múinteoirí cur chuige chucu féin go gcomhlíonfaidh siad rud, seachas teacht ar thuiscint phearsanta ar na croíchoincheapa agus an dóigh chun iad a chur i bhfeidhm nó a chur in oiriúint don seomra ranga s'acu.

1 Treoirlínte Féinmheastóireacht Scoile d'Iar-Bhunscoileanna, l. 12
2 Ibid, l. 14, Fíor 2.1

### 4. Glacadh le cleachtais nua gan mhachnamh

Is ceart múinteoirí a spreagadh chun dearcadh machnamhach a ghlacadh chucu féin i dtaca leis seo uile. Níor cheart a bheith ceangailte go docht le teicnící nua a chur i bhfeidhm. Cé gó bhfuil na cuir chuige a mholtar sna hUirlisí Úsáide bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar an taighde, is gá do mhúinteoirí a bheith solúbtha agus gan éirí rómheicniúil ina gceann. Mar shampla, ó am go chéile, is fiú an Intinn Foghlama a choinneáil siar ag tús an ranga agus ligean do na scoláirí í a aimsiú iad féin. Ar an gcaoi chéanna, anois is arís, is fiú píosa oibre a thabhairt do scoláirí chun measúnú a dhéanamh air gan na critéir ratha a bheith acu agus b'fhéidir go mbeadh orthu plé a dhéanamh agus aontú ar chritéir iad féin.

Próiseas Féinmheastóireacht Scoile Na Sé Chéim




### 5. An iomarca a dhéanamh rósciobtha

Spreag na múinteoirí chun na smaointe a ghlacadh agus triail a bhaint astu de réir a chéile seachas a bheith ag iarraidh na smaointe uile atá sna hUirlisí Úsáide a chur i bhfeidhm thar oíche. Níl aon 'réiteach tapa' ann a bhaineann torthaí sciobtha amach. Tá am i gceist le cleachtais nua a neadú agus a choinneáil ar bun.

## Ceisteanna samplacha is féidir a úsáid nó a oiriúnú chun dea-chleachtas reatha i do scoil a iniúchadh. ((Is é an Suirbhé moncaí a éascóidh é seo)

### Suirbhé ar Mheasúnú____________________ Ábhar ____________________

**1. Cén cineál measúnaithe a úsáideann tú i do sheomra ranga?**

- ☐ Teist scríofa ranga
- ☐ Leathanaigh oibre
- ☐ Aistí
- ☐ Ceistiú ó bhéal (an mhúinteora)
- ☐ Obair thionscadail
- ☐ Láithreoireachtaí
- ☐ Obair baile
- ☐ Láithreoireachtaí
- ☐ Teist athbhreithniú caibidile/ topaice
- ☐ Tráth na gCeisteanna
- ☐ Piarmheasúnú
- ☐ Féinmheasúnú
- ☐ Láithriú nó léiriú
- ☐ Portfóilió
- ☐ Eile (sainigh le do thoil)

**2. Agus iad ag socrú tasc leanúnach measúnaithe, an mbíonn a fhios ag na scoláirí na critéir ratha?**
☐ I gcónaí ☐ Uaireanta ☐ Go hannamh

**3. Conas a thugann tú deis do na scoláirí freagracht a ghlacadh maidir le measúnú?**

________________________________________

**4. (a) An aontaíonn do roinn ar mheasúnaithe comónta**
☐ Nollaig ☐ Samhradh ☐ I rith na bliana

**(b) Más amhlaidh, cé chomh cabhrach agus a bhíonn sé sin sa phleanáil don fhoghlaim?** __________

**5. (a) An úsáideann tú measúnaithe difriúla do ghrúpaí difriúla cumais i do rang?** ☐ Sea ☐ Ní hea

**6. Cén cineál aiseolais a thugann tú do do scoláirí?**

☐ Aiseolas ó bhéal ☐ Céatadán i dteist ☐ Grád teiste amháin ☐ Aiseolas tuairimí amháin
☐ Meascán dóibh seo thuas ☐ Eile (sainigh le do thoil)

**7. Cé acu de na nósanna imeachta seo a leanas is úsáidí dar leat chun tuairisciú do thuismitheoirí ar thorthaí measúnaithe?**

☐ Tuairiscí scoile ☐ Cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí ☐ Nóta sa dialann ☐ Glaoch gutháin abhaile
☐ Cruinniú le tuismitheoir ☐ Eile (sainigh le do thoil)

**8. Luaigh dhá dhóigh a ndéanann tú measúnú faoi láthair chun cabhrú le scoláirí feabhas a chur ar a gcuid foghlama i d’ábha(i)r?**
(i) ________________________________________
(ii) ________________________________________

**9. Ar tháinig tú ar cheist ar bith eile i dtaca le measúnú a ba mhaith leat a lua anseo?**

________________________________________

**10. An bhfuil moltaí ar bith agat conas is féidir leis an scoil nósanna measúnaithe a fheabhsú?**

________________________________________

## Suirbhé ar Scoláirí

Bliain ________________ Ábhar ______________________________

| | Easaontaím go mór | Easaontaím | Níl a fhios agam | Aontaím | Aontaím go mór |
|---|---|---|---|---|---|
| Déantar mo chuid eolais agus tuisceana a sheiceáil ar bhonn rialta sa rang. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Faighim aiseolas go rialta ó mo mhúinteoir ar na céimeanna le glacadh chun feabhas a chur ar mo chuid foghlama. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Bíonn deiseanna agam a bheith ag obair le scoláirí eile sa dóigh gur féidir linn cabhrú lena chéile. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Tá a fhios agam conas mo chuid oibre féin a mheas agus feicim an rud atá déanta go maith agam agus an rud atá le feabhsú. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Tuigim conas aiseolas cuidiúil a thabhairt do scoláirí eile faoina gcuid oibre. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Bíonn am agam chun machnamh ar an dul chun cinn s'agam le linn dom a bheith ag foghlaim rud nua agus ag a dheireadh. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Is féidir liom an méid atá foghlama agam a léiriú ar bhealaí difriúla, ní i dteisteanna scríofa amháin. | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |
| Tá tuiscint shoiléir agam ar a bhfuiltear ag súil liom a bhaint amach faoin am a mbeidh tasc/tionscadal déanta agam | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ | ◯ |

## Bealaí eile chun comhrá a thosú le scoláirí faoina dtaithí ar mheasúnú

Nuair a chloiseann tú an focal 'measúnú', cad é a thugann sé i do cheann? An bhfuil mothú, focal, íomhá nó ceangal ar bith a thagann chun cinn?

Cén aidhm a cheapann tú atá leis an measúnú?

Cén cineál measúnaithe is fearr leat? Cén fáth?

An féidir leat cuimhneamh ar ócáid nuair a bhraith tú gur chabhraigh eispéireas measúnaithe leat foghlaim? Cad é a bhí san eispéireas a rinne cuidiúil duit é.

Cén cineál trialacha nó measúnaithe ar fíor iad seo a leanas ina dtaobh:

- spreagann sé thú
- léiríonn sé duit a bhfuil ag teastáil uait le feabhsú
- cabhraíonn sé leat mothú go maith fút féin agus tú ag foghlaim
- tacaíonn sé le foghlaim
- ní spreagann sé mé
- seasann sé sa bhealach ar an bhfoghlaim... is bac é

Roghnaigh gné de d'ábhar féin agus labhair leis na scoláirí faoi na bealaí is fearr chun é a mheas.

# Léitheoireacht chúlra

Íoslódáil achoimre ar na príomhsmaointe agus ar an taighde sa topaic seo.

D'fhoilsigh Paul Black agus Dylan Wiliam píosa taighde dar teideal Inside *the Black Box: Raising Standards Through Classroom Assessment,* (1998) is féidir a íoslódáil anseo.

*Changing Assessment Practice: Process, Principles and Standards,* (alt) John Gardner, Wynne Harlen Louise Hayward, Gordon Stobart (An Mheitheal Athbhreithnithe don Mheasúnú, 2008)

*Cosán, Dréacht-Chreat Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bealtaine* 2015

*Assessment for Learning: Effects and Impact*, (alt) María Teresa Flórez and Pamela Sammons, Ollscoil Oxford, 2013.

**Ba cheart freisin amharc ar an liosta d'ábhar breise léitheoireachta agus suíomhanna idirlín atá molta ag deireadh gach cinn de na ceithre leabhrán sa tsraith seo.**

## PÓSTAER

Íoslódáil an póstaer *10 bprionsabal don Mheasúnú chun Foghlama*

## Tuilleadh Léitheoireachta faoin FGL

Peter Van Marion, *The Norwegian SUN project*

Kevin Patton, Melissa Parker, agus Misti M Neutzling, Tennis Shoes Required: The Role of the Facilitator in Professional Development

Don A. Klinger, L. Volante agus C. DeLuca, "*Building Teacher Capacity Within the Evolving Assessment Culture in Canadian Education,*" *Policy Futures in Education, Special Issue: Developing sustainable assessment cultures in school learning organisations* 10, No. 4 (2012): 447-460.

Elena Aguilar, *Teachers Observing Teachers; Instructional Rounds*.

## Ábhair léitheoireachta ar chleachtas machnamhach

Brookfield, S. (2009) 'The getting of wisdom: what critically reflective teaching is and why it's important', in *Becoming a critically reflective teacher.* San Francisco: Jossey-Bass.

Pollard, A. (2002) *Readings for Reflective Teaching*: Continuum.

Schön, D.A. (2006) *The reflective practitioner: how professionals think in action.* Oxford: Jossey-Bass.

Zwozdiak-Myers, P. (2012) *The Reflective Teacher's Handbook*: Routledge.

# Meastóireacht Éascaitheora ar Ábhair Cheardlainne

**Cé na codanna d'acmhainní na nUirlisí Úsáide is úsáidí?**

**Cé acu nár oibrigh chomh maith sin? Cén fáth?**

**Liostaigh acmhainní ar bith breise a shíl tú a bheith úsáideach agus nach bhfuil ar fáil ag www.juniorcycle.ie faoin teideal measúnú leanúnach.**

**Tabhair tuairim ar láidreachtaí agus ar laigí ginearálta na n-acmhainní seo agus aon athruithe a mholfá chun iad a fheabhsú.**

Chun sraith póstaeir daite saor in aisce a fháil a thacóidh le cleachtas measúnaithe i do scoil, líon isteach an bhileog mheastóireachta seo agus seol ar ais í chuig CNCM, 35 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2

# Nótaí

# Nótaí

Arna fhoilsiú ag an CNCM, Meán Fómhair 2015

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath DO2 KH36.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**